

Comórtas Reatha na Gaeltachta 2022

Don dtríú bliain as a chéile, tá Oifigigh Pleanála Teanga na Gaeltachta ag eagrú Chomórtas Reatha na Gaeltachta, le fáil amach cén pobal Gaeltachta is aclaí in Éirinn.

4 seachtaine de chraic, chomhluadar, chomórtas is chaint idir na ceantacha Gaeltachta é seo, a bheidh ag tosú Dé Céadaoin, an 13ú Aibreán. Bronnfar Corn Raidió na Gaeltachta ar an bpobal Gaeltachta leis an míleáiste reatha nó siúlóide is fearr tar éis don gcomórtas a bheith críochnaithe ar an 11ú Bealtaine. Beidh comórtas agus duais ann arís i mbliana don nDuine is Aclaí, mar sin bígí cinnte snas a chur ar na bróga reatha!

Deis í seo dul amach faoin aer, tús a chur le dúshlán pobail, agus taitneamh a bhaint as an spórt i do cheantar Gaeltachta féin. Iarrfar ar dhaoine dul amach ag rith nó ag siúl ar a laghad faoi dhó sa tseachtain, agus íasmhéid 10k san tseachtain a dhéanamh. Don gcéad uair riamh, beidh daoine os cionn 16 is ann páirt a ghlacadh sa chomórtas le cead a dtuismitheoirí, rud a chuirfeadh le beocht agus le rannpháirtíocht an Chomórtais.

Mar a mhínigh Mary O'Brien, Oifigeach Pleanála Teanga na Rosann-

'Is cúis lúchaire dúinn é go bhfuil Comórtas Reatha na Gaeltachta ar ais arís, agus súil againn na ceantair Ghaeltachta ar fad a bheith páirteach ann sa spraoi. Is fiú gach méadar de rith nó de shiúl a dhéanann daoine ar son a gceantair, agus cuireann sé go mór le spiorad an Chomórtais go mbíonn daoine ag baint an oiread sult as fosta.

Tá muid thar a bheith buíoch do Raidió na Gaeltachta as Corn Raidió na Gaeltachta a chur ar fáil agus d'Údarás na Gaeltachta as Corn Údarás na Gaeltachta a chur ar fáil don Chomórtas.

Is iad na hOifigigh Pleanála Teanga a bheidh ag coinneáil cuntais ar mhíleáiste a bpobal féin agus le cinntiú nach mbeidh pobal le daonra íseal faoi mhíbhuntáiste, roinnfear iomlán mhíleáiste an phobail ar líon na ndaoine sa phobal sin atá ag glacadh páirte sa chomórtas. Is dúshlán é seo inar féidir le gach duine páirt a ghlacadh ann. Mar sin bígí ag rith nó ag siúl linn ar son bhur bpobal Gaeltachta!

Le páirt a ghlacadh sa chomórtas, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Pleanála Teanga áitiúil nó is féidir a theacht ar an bhfoirm chláráithe ar chuntais mheáin shóisialta na nOifigeach Pleanála Teanga.